



An Príomh-Chlár Creidmheasa

Bileog Eolais

An chaoi ina n-oibríonn an Príomh-Chlár
Creidmheasa

www.centralcreditregister.ie/ga/



Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland

Eurosystem

Cúlra an Phríomh-Chlár Creidmheasa

Is éard atá sa Phríomh-Chlár Creidmheasa córas chun faisnéis phearsanta agus chreidmheasa maidir le hiasachtaí a bhailiú. Bíonn sé á oibriú ag Banc Ceannais na hÉireann faoin Acht um Thuairsciú Creidmheasa 2013.

Soláthraíonn an Phríomh-Chlár Creidmheasa

- iasachtaí le tuarascáil creidmheasa aonair ina sonraítear a chomhaontuithe creidmheasa
- iasachtóir le faisnéis chuimsitheach chun cabhrú le measúnuithe creidmheasa; agus
- an Banc Ceannais le léargas níos fearr ar threochtaí náisiúnta i soláthar creidmheasa.

Tacaíonn sé le ról an Bhainc Ceannais maidir leis an earnáil airgeadais a mhaoirsiú agus maidir le cobhsaíocht airgeadais a áirithiú.

Ón 30 Meitheamh 2017 i leith, tá faisnéis phearsanta agus chreidmheasa maidir le hiasachtaí á cur chuig an bPríomh-Chlár Creidmheasa gach mí ag iasachtóirí, lena n-áirítear bainc, comhair chreidmheasa, agus aon iasachtóir eile a mbíonn iasachtaí €500 nó níos mó á soláthar acu do thomhaltóirí. Ar dtús, bhí cártaí creidmheasa, morgáistí, rótharraingtí agus iasachtaí pearsanta i gceist.

Ón 31 Márta 2018 i leith, tá faisnéis á cur chuig an bPríomh-Chlár Creidmheasa gach mí ag iasachtóirí ceadúnaithe airgid agus údaráis áitiúla. Tá iasachtaí do ghnóthaí san áireamh ón tráth sin freisin.

Ón 30 Meitheamh 2019 i leith, tá faisnéis maidir le fruilcheannach, pleananna conartha pearsanta (PCPanna) agus iasachtaí maoinithe sócmhainní á cur chuig an bPríomh-Chlár Creidmheasa ag iasachtóirí. Faigh tuilleadh faisnéise maidir [lena bhfuil ar áireamh ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa](#).

Cé leis an fhaisnéis seo?

Is leis an Banc Ceannais an fhaisnéis a choinneofar ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa. Is rialaitheoir sonraí é an Banc Ceannais faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Aon fhaisnéis a tharchuirfidh iasachtóirí chuig an bPríomh-Chlár Creidmheasa, úsáidfear í chun Tuarascálacha Creidmheasa aonair a chruthú. Féadfaidh go gcuideoidh Tuarascáil Chreidmheasa le hiasachtóirí nuair a bheidh cinntí á ndéanamh acu maidir le hiasachtaí nó maidir le hiarratais ar iasachtaí. Tá tuilleadh eolais maidir le bailiú agus úsáid do chuid sonraí ar fáil ar centralcreditregister.ie, áit a bhfuil nasc chuig fógra príobháideachais an Bhainc Ceannais maidir le cosaint sonraí.

Ní chuirfidh do Thuarascáil Chreidmheasa in iúl cibé acu an gceadófar iasacht duit.

Ní dhéanfaidh an Príomh-Chlár Creidmheasa:

- cinneadh i dtaobh iasacht a cheadú nó a dhiúltú - is é an t-iasachtóir a dhéanfaidh an cinneadh sin;
- Tuarascálacha Creidmheasa a scóráil nó a ghrádú.

Cé na cearta atá agam?

Faoin Acht um Thuairisciú Creidmheasa 2013, déantar foráil maidir le ceithre phríomhcheart d'iasachtaithe. Is féidir leat:

1. Tuarascáil Chreidmheasa saor in aisce a iarraidh

Tá an ceart agat do Thuarascáil Chreidmheasa a iarraidh tráth ar bith. Beidh sí saor ina aisce, faoi réir úsáid chothrom. Ciallaíonn sé seo go mbeidh tuarascálacha saor in aisce fad nach n-iarrann tú líon iomarcach díobh. Ní mór duit foirm iarratais a chomhlánú agus doiciméid aitheantais a chur ar fáil.

Féach ár mbileog eolais 'Iarratas a dhéanamh ar Thuarascáil Chreidmheasa' nó téigh go dtí ár suíomh gréasáin chun an próiseas a thosú ar centralcreditregister.ie.

2. Iarratas a dhéanamh ar leasú faisnéise

Is féidir leat iarratas a dhéanamh chun faisnéis i do Thuarascáil Chreidmheasa a leasú má chreideann tú go bhfuil sí míchruinn, nó neamhiomlán nó nach bhfuil sí cothrom le dáta.

Féach ár mbileog eolais 'Iarratas a dhéanamh chun Faisnéis i mo Thuarascáil Chreidmheasa a leasú' nó téigh go dtí ár suíomh gréasáin chun an próiseas a thosú ar centralcreditregister.ie.

3. Ráiteas Míniúcháin a chur isteach i do Thuarascáil Chreidmheasa

Tá an ceart agat ráiteas míniúcháin 200 focal ar a mhéad a thabhairt maidir le haon fhaisnéis fút a bheidh á coinneáil ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa.

Féach ár mbileog eolais 'Ráiteas Míniúcháin a chur isteach i mo Thuarascáil Chreidmheasa' nó téigh go dtí ár suíomh gréasáin chun an próiseas a thosú ar centralcreditregister.ie.

4. Fógra maidir le Pearsanú Amhrasta

Má chreideann tú le réasún go raibh nó go bhfuil pearsanú á dhéanamh ag aon duine ort nó go bhfuil aon duine ar tí pearsanú a dhéanamh ort, is féidir leat a iarraidh orainn 'Fógra maidir le Pearsanú Amhrasta a chur ar do Thuarascáil Chreidmheasa'. Beidh an fógra seo ar do Thuarascáil Chreidmheasa ar feadh 90 lá nó ar feadh tréimhse níos giorra más mian leat. Is féidir leat an tréimhse 90 lá a shíneadh freisin ach fógra a thabhairt dúinn amhlaidh.

Féach ár mbileog eolais 'Fógra maidir le Pearsanú Amhrasta a chur ar do Thuarascáil Chreidmheasa' nó téigh go dtí ár suíomh gréasáin chun an próiseas a thosú ar centralcreditregister.ie.

Tuilleadh Faisnéise

Idirlíon: www.centralcreditregister.ie/ga/
Ríomhphost: myrequest@centralcreditregister.ie
Líne Thalún: 01 224 5500

Samhain 2021